



Bord Imscrúdú um Taismí Muirí Tuairisc Bhliantúil 2003

A Thuairiscítear don Tréimhse Meitheamh 2002 Chuig Nollaig 2003

MCIB
Marine Casualty Investigation Board



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2003

**(A THUAIRISCÍTEAR DON TRÉIMHSE
MEITHEAMH 2002
CHUIG NOLLAIG 2003)**

	PAGE
1. Ráiteas an Chathaoirligh	5
2. Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta	7
3. Imscrúduithe agus Tuairiscí	9
4. Staitisticí	10
5. Ráitis Airgeadais	
(i) Don tréimhse arna chríochnú 31 Nollaig, 2002	13
(ii) Don tréimhse arna chríochnú 31 Nollaig, 2003	23
6. Aguisíní:	
Aguisín 1.1 - Liosta Foilseachán	32
Aguisín 1.2 - Anailís Eachtraí	33

A Aire,

Tá an-áthas orm an chéad Tuairisc Bhliantúil den Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) mar a éilítear faoi Alt 21 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Bhí na comhaltaí uilig den MCIB ceapaithe ag an Uas. Frank Fahy, T.D., Aire na Mara agus Acmhainní Nádurtha ar 5 Meitheamh, 2002 agus tosnaíodh ar an obair ar an dáta sin. É sin ráite, bhí an Ionstraim Reachtúil S.I. Uimh. 289 lochtach. Ar chomhairle ón Ard-Aighne cuireadh Ionstraim Reachtúil eile i gcrích d'fhonn Comhaltaí an Bhoird a cheapadh i gceart .i. S.I. Uimh 124 d'Acht Loingis Cheannaíochta 2003 (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000 (Forálacha Fuíollacha) Ordú (Tionscnú) 2003 a tháinig i bhfeidhm ar 25 Márta, 2003.

Ón uair gur bunaíodh é, tá an Bord tar éis cuntasóirí agus aturnaetha a fhostú, agus imscrúdaitheoirí a cheapadh, agus tá sé ag cur painéal sainchomhairleoirí le chéile faoi láthair. Thionóil an Bord seimineáir leis d'imscrúdaitheoirí inar tugadh oiliúint dóibh maidir leis na cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgais acu. Tá an MCIB lonnaithe ina áitreabh nua anois ag 93 Sráid Mochargán Íocht., Baile Átha Cliath 2.

I dtúis báire ní hamháin go raibh sé dlite ar an mBord bheith ag deileáil leis na himscrúduithe reatha uilig maidir le taismí muirí ach dlitheadh air leis an riaráiste suntasach a aistriódh anonn ó Roinn na Mara agus Acmhainní Nádurtha a chlúdaíonn an tréimhse 1992 go dtí 2002. Foilsíodh líon mór de na tuairiscí sin i 2004. Bhí 26 chruinniú i gceist a chlúdaíonn 50 lá oibre thar thréimhse bliana go leith agus dá bhrí sin tá roinnt mhaith ama agus acmhainní tógtha suas leis. Leagann an Tuairisc atá iniata amach na taismí muirí atá á bhfiosrú don tréimhse tuairisce. Tá na tuairiscí foilsithe uilig ar fáil ar an láthair idirlín againn, www.mcib.ie agus is féidir leagan cruá a lorg ó Rúnaíocht MCIB.


D'fhoilsigh an Bord iomlán de 25 Tuairisc faoi 31 Nollaig, 2003 agus d'fhoilsigh sé 41 Tuairisc sa bhreis eile go dtí seo, rud atá tar éis an riaráiste a ghlanadh geall leis. Tá dhá athrú ar an bpearsanra - cuireadh Dick Heron Uas. in áit Shéamus Nevin Uas. an chéad rúnaí ag an mBord i mí Dheireadh Fómhair, 2002 agus cuireadh an Príomhsuirbhéir nua Brian Hogan Uas. in áit an Phríomhsuirbhéara Gníomhaigh Séamus McLoughlin Uas. i mí Eanáir, 2003.

Ba cheart creidiúint a thabhairt do na Comhaltaí Boird uilig as an iarracht mhór a dhein siad chun an riaráiste oibre sin a ghlanadh. Tá comhaltaí an MCIB tar éis a lán ama a thabhairt uathu go flaithiúil toilteanach fonnmhar maidir leis an obair atá curtha i gcrích acu go dtí seo.

Ba dheas liom mo bhuíochas a chur in iúl do na himscrúdaitheoirí as an tsárobair acu agus a gcomhoibriú leis an mBord agus as an mothálacht a thaispeáin siad agus iad ag déanamh a n-imscrúduithe agus cúinsí tragóideacha go minic ann. Ba dheas liom

leis an cion tábhachtach a dhein an Rúnaíocht maidir le hobair an Bhoird a admháil. Ba dheas liom mo bhuíochas a chur in iúl duit mar Aire atá freagrach as an tacaíocht a tugadh don Bhord ón uair gur bunaíodh é. Cuirim fáilte roimh do ghealltanas leanúnach maidir le sábháilteacht mhuirí mar a léiríodh leis an tslí gur meabhraíodh agus gur cuireadh i bhfeidhm moltaí an Bhoird go dtí seo agus táim ag tnúth le heisiúint na bhFógraí Muirí uilig atá amuigh.

Táim ag súil le bheith i mo Chathaoirleach don bhliain seo romhainn.



John G. O'Donnell, B.L.
Cathaoirleach
Meitheamh 2004

Cathaoirleach:	John G. O'Donnell, B.L. Uas.
Leaschathaoirleach:	Sinéad Brett, B.C.L., LL.M
Comhaltaí:	Thomas R. Power Uas. Mary Lally Brian Hogan, Príomhsuirbhéir Uas.
Rúnaí:	Dick Heron Uas.
Rúnaíocht:	Helena Murphy
Oifig Chláraithe:	93 Sráid Mochargán Íocht, Baile Átha Cliath 2.
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Áras an Státhiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2.

Seo leanas roinnt faisnéise ginearálta i dtaobh an Bhoird Imscrúdaithe um Thaismí Muirí (MCIB).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdaithe um Thaismí Muirí faoin Acht Loingis Chéannaíochta, (Imscrúduithe um Thaismí Muirí) 2000.

Feidhm an Bhoird

Is í feidhm an MCIB ná imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear iad in Alt 2 den Acht.

Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas atá mar chúis nó a dheineann bagairt:

- (a) bás nó gortú trom do dhuine;
- (b) cailliúint duine a thiteann thar bord;
- (c) cailliúint shuntasach nó triomú, nó damáiste déanta de, nó imbhualladh, áthaigh nó maoiné; nó
- (d) damáiste suntasach don chomhshaol,

maidir le hoibriú:

- (i) ártach i bhfarraigí na hÉireann;
- (ii) ártach atá cláraithe in Éirinn, i bhfarraigí in áit ar bith; nó
- (iii) ártach a fhaightear nó a fheistítear de ghnáth i bhfarraigí na hÉireann agus atá faoi rialú áitreathóra de chuid an Stáit, i bhfarraigí idirnáisiúnta atá teorannach d'fharraigí na hÉireann.

Is é cuspóir gach imscrúdaithe ná:

1. An Chúis nó na cúiseanna a bhaineann le taisme mhuirí a chruthú.
2. Tuairisc ar an taisme mhuirí le súil go ndéanfaí moltaí chun go seachnófar taismí muirí comhchosúla.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi ndeara nach cuspóir é d'aon imscrúdú milleán ná locht a thaisealbh.

Stádas

Is comhlacht neamhspeách é an MCIB lena maoiniú féin arna sholáthar ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht. Cuirtear cóip den tuairisc dhéanach go dtí an tAire d'fhonn na moltaí atá iontu a mheabhrú. Cuirtear an tuairisc dhéanach ar fáil don phobal saor in aisce ar chóip chrua nó is féidir teacht uirthi ar láthair idirlín MCIB ag www.mcib.ie

I rith na sé mhí suas go 31 Nollaig 2002 dhírigh mórán d'obair an Bhoird ar na feidhmeanna riaracháin a bhí riachtanach dá bhunú. Tosnaíodh leis ar riaráiste na 48 gcás imscrúduithe um thaismí muirí. Cuireadh i gcló 18 dtuairisc sa bhreis as an riaráiste 48 gcás sa tréimhse tuairisce. I rith na bliana ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2003 foilsíodh 24 thuairisc (Féach Aguisín 1.1). Tosnaíodh leis ar imscrúdú 14 gcás nua um thaismí muirí a tharla sa tréimhse sin.

Achoimre ar an oibre a tugadh faoi sa tréimhse tuairisce:

Bliain	Uimh. Eachtraí	Stádas
Cásanna an Riaráiste roimh Mheitheamh 2002	48*	18* Foilsithe
Meitheamh go Nollaig 2002	9	6 Foilsithe 3 Leanúnach
Eanáir go Nollaig 2003	17	1 Foilsithe 16 Leanúnach

*18 dTuairisc foilsithe i rith na tréimhse tuairisce seo, foilsíodh na 30 cás eile ó shin.

Tugann anailís de na taismí muirí a tugadh tuairisc orthu le fios go mbaineann tromlach na n-eachtraí le hárthaigh iascaigh agus le longa lastais.

Réamhimscrúduithe

Socraíodh sa chás nach raibh timpiste trom a dhóthain chun imscrúdú iomlán a dhéanamh go ndéanfaí réamhimscrúdú. Cuireadh trí Réamhimscrúdú i gcrích i rith na tréimhse tuairisce: "Shearwater II", "Guiding Star", agus "Fragrant Cloud". Deineadh imscrúdú riaracháin leis ar "Crystelle Maid".

Tugtar anailís ar gach eachtra in Aguisín 1.2.

Áirítear sa tréimhse tuairisce seo eachtraí a tharla sular bunaíodh an Bord agus sin í an chúis go bhfuil na staitisticí maidir le timpistí marfacha ard agus nach léiríonn siad go cruinn na rátaí bliantúla.

Líon Tuairiscí a foilsíodh:	25
Líon Árthach a raibh baint acu le heachtra:	29

Saghas Árthaigh

Árthaigh lascaigh	10
Árthaigh Lastais	4
Báid Fharantóireachta	3
Báirsí	3
Mótarárthach áineasa	2
Longa Coimeádán	1
Bulciompróirí	1
Iompróirí Gluaisteán	1
Tumadóir Trom Ardaithe	1
Tuga	1
Long Paisinéirí Baile	1
Bád Oscailte	1

Cúiseanna gur tharla Eachtra

Suí	7
Béal Faoi	5
Imbhualadh	4
Tine	2
Eachtra lastais	2
Curtha go Tóin	1
Brisiúnas Líne Tarraingte	1
Pléascadh Gáis	1
Eachtra Eangach lascaigh	1
Duine tite thar bord	1
Teip Cloird	1
Timpistí Marfacha	21
Gortuithe	6

Áiríonn an chuid seo na ráitis airgeadais don tréimhse tuairisce seo leanas:

Meitheamh 2002 go 31 Nollaig 2002

Eanáir 2003 go 31 Nollaig 2003

Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Ráiteas Beartas Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Clár Comhardaithe

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITIS AIRGEADAIS

**(DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ
31 NOLLAIG 2002)**

Ráitis Airgeadais Bhord Imscrúdú Taismí Muirí

(Don Tréimhse Arna Chríochnú 31 Nollaig 2002)

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CLÁR ABHAR

	Page
Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird	15
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	16
Tuairisc ar an gCóras um Rialú Immheánach Airgeadais	17
Ráiteas Beartas Cuntasaíochta	18
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	19
Clár Comhardaithe	20
Nótaí ar na ráitis airgeadais	21

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2002

Freagrachtaí an Bhoird

Iarrann Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 ar an mBord cuntais chearta ghnátha ar gach airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé. Iarrtar ar an mBord maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ach go mbeadh sé míchuí bheith ag súil go goimeádfar le hoibriú an Bhoird.
- Aon athruithe ábhartha ar na caighdeáin oiriúnacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá an Bord freagrach leis as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógaint chun calaois a bhac agus a bhrath agus mírialtachtaí eile leis.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnaí

Dáta : 20 Meitheamh 2003
Coimeádfar oibriú an Bhoird ag dul ar
aghaidh.
Dáta : 20 Meitheamh 2003

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE UM THÍOLACADH DO THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais ar lgh. 18-21 faoi Alt 20 den Acht Iolingis Chéannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Freagrachtaí Faoi Seach an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagrachtaí cuntasáíochta an Bhoird leagtha amach i Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird ar leathanach 15. Is í m'fhreagracht í, bunaithe ar an iniúchadh agam, tuairim neamhspleách a chruthú bunaithe ar na ráitis airgeadais a bhíonn á dtíolacadh dom ag an mBord agus tuairisc a thabhairt orthu. Deirim athbhreithniú pé acu an léiríonn an ráiteas ar an rialú airgeadais inmheánach ar leathanach 17 comhlíonadh an Bhoird le treoir oiriúnach um rialú corparáideach agus aon chás ábhartha nach ndéanann sé a leithéid a thuairisciú, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil cur amach agam ina thaobh as an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim Iniúchta


I gcleachtas mo fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir caighdeán iniúcháireachta arna eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta agus trí tharchur do na sainchomaoineacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíú agus lena n-oibriú.

Áirítear mar iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhíonn ábharthach maidir leis na suimeanna agus cúrsaí nochtá sna ráitis airgeadais. Áirítear leis measúnú ar na meastacháin is breithiúnais shuntasacha a deineadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus pé acu an bhfuil na beartais chuntasáíochta cuí do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe go leor.

Shocraigh mé ar m'iniúchadh agus chuir i gcrích é chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uilig a mheas mé bheith riachtanach a fháil d'fhonn leordhóthain fianaise a sholáthar dom a thabharfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha pé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Agus mé ag cruthú mo thuairime mheas mé leis leordhóthanacht fhoriomlán thíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim fhéin, choimeád an Bord leabhair chearta chuntasáíochta agus ráitis airgeadais, atá ag comhaontú leo, a thugann dearcadh fíor agus cothrom ar staid cúrsaí Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar 31 Nollaig 2002 agus dá ioncam agus chaiteachas don tréimhse arna chríochnú ansin.



John Purcell
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

5 Aibreán 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2002.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhord Imscrúdú Taismí Muirí, admhaím an fhreagracht atá orainn cothú is oibriú chóras éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú. Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach cinnteacht réasúnta murb ionann is cinnteacht iomlán a sholáthar go ndeintear sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile nó go mbrathfaí iad ar bhonn tráthúil.

Nósanna Imeachta Sainiúla Rialaithe

Cuireadh tús le hoibriú an Bhoird i Meitheamh 2002 agus cumhdaíonn na Ráitis Airgeadais an tréimhse sé mhí ón dtús go 31 Nollaig 2002. Bhí leibhéal íseal gníomhaíochta ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí, mar shlánaonad nua. Chinntigh na rialuithe airgeadais a oibríodh sa tréimhse sin go raibh na híocaíochtaí uilig a deineadh údaraithe ag 2 chomhaltaí de chuid an Bhoird ar a laghad.

Athbhreithniú Bliantúil Rialuithe

I rith na tréimhse níor chuir an Bord athbhreithniú i gcrích maidir le héifeachtúlacht an chórais um rialuithe inmheánacha airgeadais. É sin ráite, ag tabhairt leibhéal sin na gníomhaíochta san áireamh, chomhaontaigh an Bord go raibh a nósanna imeachta leordhóthanach.

Sínithe thar ceann an Bhoird



John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dáta : 20 Meitheamh 2003

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS BEARTAS CUNTASAÍOCHTA DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2002.

1. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo ná na chéad ráitis airgeadais den Bhord Imscrúdú Taismí Muirí agus cumhdaíonn siad an tréimhse ó 5 Meitheamh 2002 go 31 Nollaig 2002.

2. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach mar a léirítear thíos, agus de réir Prionsabal Cuntasaíochta a Ghlactar de Ghnáth faoin choinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le caighdeán airgeadais thuairisceoireachta arna mholadh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a bhíonn siad oiriúnach.

3. Deontais Oireachtais

Saináithnítear Deontais Oireachtais sna ráitis airgeadais ar bhonn admhálacha.

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
 DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2002.

		Tréimhse Arna Chríochnú 31 Nollaig 2002
		€ €
Ioncam		
Deontas Oireachtais		90,000
Caiteachas		
Táillí Comhaltaí Boird	8,888	
Fruiliú seomraí cruinnithe	528	
Coimisinéir um Shoilse Éireann	10,326	
Priondáil, postas agus stáiseanóireacht	2,312	
Fógraíocht	9,525	
Abhair Thaighde	66	
Costaisí Imscrúdaithe Timpistí	1,476	
Taisteal agus Cothabháil: Comhaltaí Boird	6,104	
Taisteal agus Cothabháil: Foireann	1,541	
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla	2,500	
Táillí Comhairleachta	968	
Cuntasaíocht	5,300	
Táillí Iniúchta	3,650	
Táillí Bainc	<u>4</u>	
		(53,188)
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse arna chríochnú 31 Nollaig 2002.		<u><u>36,812</u></u>

Níl aon ghnóthachain nó chailteanais aitheanta ann, ach iad a chaitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nóta 1-6.

John G. O'Donnell

John G. O'Donnell B.L
 Cathaoirleach

Dick Heron

Dick Heron
 Rúnaí

Dáta : 20 Meitheamh 2003

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CLÁR COMHARDAITHE
MAR BHÍ AR 31 NOLLAIG 2002

	Nótaí	2002 €	€
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>62,844</u>	
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe	2		<u>(26,032)</u>
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha			<u>36,812</u>
Sócmhainní Reatha Glana/(Dlíteanais)			<u>36,812</u>
Arna Ionadú ag:			
Cuntas Brabúis agus Cailíteanais			<u>36,812</u>
			<u>36,812</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nóta 1-6.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnai

Dáta : 20 Meitheamh 2003

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2002.

1 Cánachas

Níl aon soláthar déanta do chánachas sna ráitis airgeadais.

2 Creidiúnaithe: suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin

2002

Fabhruithe

€26,032

3 Fostaithe agus Aoisliúntas

Níor fhostaigh an Bord foireann sa tréimhse arna chríochnú 31/12/2002. Bhí an fhoireann ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha. Íocann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha méid de €27,923.08 as luach saothair na foirne ach ní bheidh sé aisíoctha ag an mBord. Bíonn an fhreagracht as gach teidlíochtaí pinsean ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha.

4 Sócmhainní Seasta

Ní coimeádtar sócmhainní seasta ar bith in ainm an Bhoird. Soláthraíonn An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha trealamh, troscán agus áitreabh saor in aisce.

5 Comhaltaí Boird – Nochtadh idirbheart

Ghlac an Bord nósanna imeachta maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níor deineadh aon nochtadh leasanna sa tréimhse sin.

6 Formheas na ráiteas airgeadais

Dhein an Bord na ráitis airgeadais a fhorghéar ar 20 Meitheamh 2003.

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITIS AIRGEADAIS

**(DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ
31 NOLLAIG 2003)**

Ráitis Airgeadais Bhord Imscrúdú Taismí Muirí

(Don Tréimhse Arna Chríochnú 31 Nollaig 2003)

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CLÁR ABHAR

	Page
Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird	25
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26
Tuairisc ar an gCóras um Rialú Immheánach Airgeadais	27
Ráiteas Beartas Cuntasaíochta	28
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	29
Clár Comhardaithe	30
Nótaí ar na ráitis airgeadais	31

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2003

Freagrachtaí an Bhoird

Iarrann Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 ar an mBord cuntais chearta ghnátha ar gach airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé. Iarrtar ar an mBord maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ach go mbeadh sé míchuí bheith ag súil go goimeádfar le hoibriú an Bhoird.
- Aon athruithe ábhartha ar na caighdeáin oiriúnacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá an Bord freagrach leis as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógaint chun calaois a bhac agus a bhrath agus mírialtachtaí eile leis.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnaí

Dáta : 22 Bealtaine 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE UM THÍOLACADH DO THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais ar lgh. 28-31 faoi Alt 20 den Acht Iolingis Chéannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Freagrachtaí Faoi Seach an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagrachtaí cuntasáíochta an Bhoird leagtha amach i Ráiteas Fhreagrachtaí an Bhoird ar leathanach 25. Is í m'fhreagracht í, bunaithe ar an iniúchadh agam, tuairim neamhspleách a chruthú bunaithe ar na ráitis airgeadais a bhíonn á dtíolacadh dom ag an mBord agus tuairisc a thabhairt orthu. Deirim athbhreithniú pé acu an léiríonn an ráiteas ar an rialú airgeadais inmheánach ar leathanach 27 comhlíonadh an Bhoird le treoir oiriúnach um rialú corparáideach agus aon chás ábhartha nach ndéanann sé a leithéid a thuairisciú, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil cur amach agam ina thaobh as an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim Iniúchta

I gcleachtas mo fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir caighdeán iniúcháireachta arna eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta agus trí tharchur do na sainchomaoineacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíú agus lena n-oibriú.

Áirítear mar iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhíonn ábharthach maidir leis na suimeanna agus cúrsaí nochta sna ráitis airgeadais. Áirítear leis measúnú ar na meastacháin is breithiúnais shuntasacha a deineadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus pé acu an bhfuil na beartais chuntasáíochta cuí do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe go leor.

Shocraigh mé ar m'iniúchadh agus chuir i gcrích é chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uilig a mheas mé bheith riachtanach a fháil d'fhonn leordhóthain fianaise a sholáthar dom a thabharfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha pé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Agus mé ag cruthú mo thuairime mheas mé leis leordhóthanacht fhoriomlán tíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim fhéin, choimeád an Bord leabhair chearta chuntasáíochta agus ráitis airgeadais, atá ag comhaontú leo, a thugann dearcadh fíor agus cothrom ar staid cúrsaí Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar 31 Nollaig 2003 agus dá ioncam agus chaiteachas don tréimhse arna chríochnú ansin.



Gerard Smyth
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2003.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Imscrúdú Taisní Muirí, admhaím an fhreagracht atá orainn as cothú is oibriú chóras éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú. Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach cinnteacht réasúnta murb ionann is cinnteacht iomlán a sholáthar go ndeintear sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a taifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile nó go mbrathfaí iad ar bhonn tráthúil.

Nósanna Imeachta Sainiúla Rialaithe


Tá an bord tar éis a nósanna imeachta airgeadais agus a gcleachtais tamligin a leagan amach d'fhonn comhshaol rialaithe trédhearcach a chinntiú a bheadh cuí do ghníomhaireacht leathstáit. Tá sé tar éis a leithéid a dhéanamh trí chloí le cód cleachtais a chuir an Roinn Airgeadais ar bun.

- Cód Iompair:**
Tá na fostaithe agus na stiúrthóirí uilig tar éis a gcuid leasanna a dhearbhu.
- Cód Iompair Gnó:**
Bunaíodh cleachtais ionaíocha forthairisceana agus painéal suirbhéirí.
- Sócmhainní:**
De bharr nach raibh aon sócmhainní seasta coimeáda in ainm an bhoird níl ráiteas maidir le diúscairt agus fáil an ruda chéanna dearbhaithe.
- Táillí Luacha Saothair agus Stiúrthóirí:**
Baineann úsáid as beartas Rialtais maidir leis an réimse sin. Tá méid na dtáillí a íoctar leis na Cathaoirligh agus leis na Stiúrthóirí ag na rátaí atá údaraithe ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.
- Coiste Iniúchta:**
De bharr mhéid na heagraíochta, tá maolú ar fhoirmiú choiste iniúchta iarrtha ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.

Athbhreithniú Bliantúil Rialuithe

Tá athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an bhoird um rialuithe inmheánacha airgeadais curtha i gcrích. Deineadh tástáil ar an rialú inmheánach airgeadais do chailiteanais ábhartha, teagmhais nó míchinnreachtaí rud a iarrann nochtadh mar sin maidir leis na ráitis airgeadais nó tuairisc na n-iniúchóirí. Níor sainithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais, dá bhrí sin níor tugadh aon chur síos ar ghníomhaíocht a tugadh faoi anseo, an Tuairisc againn ar mheasúnú rialuithe inmheánacha airgeadais an Bhord Imscrúdú Taisní Muirí. Comhaontaíodh d'aon ghuth go bhfuil leordhóthain trédhearcachta laistigh den eagraíocht.

Sínte thar ceann an Bhoird



John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach

Dáta: 22 Bealtaine 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

RÁITEAS BEARTAS CUNTASAÍOCHTA DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2003.

1. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo ná na chéad ráitis airgeadais den Bhord Imscrúdú Taismí Muirí agus cumhdaíonn siad an tréimhse ó 1 Eanáir 2003 go 31 Nollaig 2003.

2. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach mar a léirítear thíos, agus de réir Prionsabal Cuntasaíochta a Ghlactar leo de ghnáth faoin choinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le caighdeáin airgeadais thuairisceoireachta arna mholadh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a bhíonn siad oiriúnach.

3. Deontais Oireachtais


Sainithnítear Deontais Oireachtais sna ráitis airgeadais ar bhonn admhálacha.

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2003.

	2003		2002	
	€	€	€	€
Ioncam				
Deontas Oireachtais		70,000		90,000
Caiteachas				
Táillí Comhaltaí Boird	17,776		8,888	
Fruiliú seomraí cruinnithe	1,466		528	
Siamsaíocht	1,300		-	
Coimisinéir um Shoilse Éireann	-		10,326	
Priondáil, postas agus stáiseanóireacht	63,845		2,312	
Fógraíocht	-		9,525	
Cothabháil an Láithreáin Idirlín	4,296		-	
Abhair Thaighde	-		66	
Costaisí Imscrúdaithe Timpistí	1,129		1,476	
Taisteal agus Cothabháil: Comhaltaí Boird	21,185		6,104	
Taisteal agus Cothabháil: Foireann	449		1,541	
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla	827		2,500	
Táillí Comhairleachta	5,694		968	
Cuntasaíocht	9,700		5,300	
Costaisí Rúnaíochta	3,945		-	
Táillí Iniúchta	8,000		3,650	
Táillí Bainc	39		4	
Costaisí Ilnithe	<u>2,793</u>		<u>-</u>	
		(142,444)		(53,188)
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse arna chríochnú 31 Nollaig 2003.		<u>(142,444)</u>		<u>36,812</u>

Níl aon ghnóthachain nó chailleanais aitheanta ann, ach iad a chaitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nóta 1-6.



John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach



Dick Heron
Rúnaí

Dáta : 22 Bealtaine 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

CLÁR COMHARDAITHE
MAR BHÍ AR 31 NOLLAIG 2003

	Nótaí	2003 €	€	2002 €	€
Sócmhainní Reatha					
Airgead sa bhanc agus ar láimh		12,109		62,844	
Dlíteanais Reatha	2	(47,741)		(26,032)	
Sócmhainní Reatha Glana/(Dlíteanais)			<u>(35,632)</u>		<u>36,812</u>
Arna Ionadú ag:					
Cuntas Brabúis agus Caillteanais			(35,632)		36,812
			<u>(35,632)</u>		<u>36,812</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nóta 1-7.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach

Dick Heron
Rúnai

Dáta : 22 Bealtaine 2004

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE ARNA CHRÍOCHNÚ 31 NOLLAIG 2003.

1 Cánachas

Níl aon soláthar déanta do chánachas sna ráitis airgeadais.

2 2 Creidiúnaithe: suimeanna ag titim dlíthe laistigh de bhliain amháin

2003 2002

Fabhruithe

€47,741 €26,032

3 Fostaithe agus Aoisliúntas

Níor fhostaigh an Bord foireann sa tréimhse arna chríochnú 31/12/2003. Bhí an fhoireann ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha. Íocann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha as luach saothar na foirne ach ní bheidh sé aisíoctha ag an mBord. Bíonn an fhreagracht as gach teidlíochtaí pinsean ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha.

4 Sócmhainní Seasta

Ní coimeádtar sócmhainní seasta ar bith in ainm an Bhoird. Soláthraíonn An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha trealamh, troscán agus áitreabh saor in aisce.

5 Comhaltaí Boird – Nochtadh idirbheart

Ghlac an Bord nósanna imeachta maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níor deineadh aon nochtadh leasanna sa tréimhse sin.

6 Imeachtaí Iarchláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí iarchláir chomhardaithe d'fhonn tuairisc a dhéanamh orthu.

7 Formheas na ráiteas airgeadais

Dhein na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhorghéas ar 22 Bealtaine 2004.

Aguisín 1.1

Liosta Foilseachán

ÁRTHACH / EACHTRA

DÁTA FOILSITHE

2002

Isle of Inishmore

13 Samhain, 2002

2003

Arklow Castle

4 Iúil, 2003

Asian Parade

16 Iúil, 2003

Atlantic Dawn

16 Iúil, 2003

Clipper Cheyenne

15 Nollaig, 2003

Coastal Isle / Rheinmaster

10 Nollaig, 2003

Dania Kirsten

1 Meán Fómhair, 2003

Derisa

4 Iúil, 2003

Dunany Point

18 Samhain, 2003

Dun Eochalla

7 Iúil, 2003

Inver Bay

1 Meán Fómhair, 2003

Inishfree

18 Samhain, 2003

Pere Charles / Union Neptune

15 Nollaig, 2003

Pisces

28 Bealtaine, 2003

Princess Vanya

12 Nollaig, 2003

Rohellan / Oilean Cleire

16 Iúil, 2003

Santa Christina

1 Meán Fómhair, 2003

Sea Swallow

18 Samhain, 2003

Skerchi

4 Iúil, 2003

St. Ciaran

1 Meán Fómhair, 2003

St. Gervais

16 Iúil, 2003

St. Killian II

10 Nollaig, 2003

Tamarisk

4 Iúil, 2003

Veraspear / Haslam

12 Nollaig, 2003

Western Viking

18 Samhain, 2003

Aguisín 1.2

Anailís Eachtraí

Ainm Árthaigh	Dáta Foilsithe	Saghas Árthaigh	Saghas Eachtra	Gortú Timpiste Mharfach	Cúis gur Tharla Eachtra	Fógra Muirí Eisithe
Arklow Castle	4 Iúil, 2003	Árthach Lastais	Suí agus Curtha go Tóin	Ceann ar Bith	Teip chun bun nósanna imeachta loingseoireachta a leanúint	
Asian Parade	16 Iúil, 2003	Iompróir Gluaisteán	Suí	Ceann ar Bith	Teip chun bun nósanna imeachta cearta loingseoireachta agus droichid a leanúint	
Atlantic Dawn	16 Iúil, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Ceangailte i dtrealamh láimseála lín	1 Timpiste Mharfach	Droch-oibriú agus oibriú aonair chrann bogtha lín	Fógra Muirí Molta
Clipper Cheyenne	15 Nollaig, 2003	Long Duga Leath-Tumadóra Tromardaithe	Béal Faoi	Ceann ar Bith	Teip chun réimshe seasmhachta a mheasúnú i rith Oibríochtaí flo-flo	
Coastal Isle/Rheinmaster	10 Nollaig, 2003	Longa Coimeádán Friothálacha	Imbhualadh	Ceann ar Bith	Teip chun Rialacháin Imbhualite a bhreathnú agus na nósanna imeachta cearta cearta scoite a leanúint	Fógra Muirí Molta
Dania Kirsten	1 Meán Fómhair 2003	Lastas Ginearálta	Teip Cloird	1 Timpiste Mharfach	Neamh-chomhlíonadh leis na Rialacháin um Loingeas Céannaíochta	Fógra Muirí Molta
Derisa	4 Iúil, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Tine ar Bord	Ceann ar Bith	Fabht leictreach sa pháinéal rabhacháin	Fógra Muirí Molta
Árthach Pleisiúir ag Rinn Dhún Áine	18 Samhain 2003	Árthach Pleisiúir	Béal Faoi	4 Thimpiste Mharfach	Neamh-chaitheamh Áiseanna Snámhachta	
Dún Eochalla	7 Iúil, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Duine Tite thar bord	1 Timpiste Mharfach	Ceangailte i dtéad trail	Uimh. 7 de 2002, Uimh. 10 de 2002, agus Uimh. 16 de 2002.
Isle of Inishmore	13 Samhain, 2002	Bád Farantóireachta Ro-Ro	Gortú do Phaisinéir	1 Ghortú	Mí-leordhóthanacht pearsnra	Uimh. 21 de 2000

Ainm Árthaigh	Dáta Foilsithe	Saghas Árthaigh	Saghas Eachtra	Gortú Timpiste Mharfach	Cúis gur Tharla Eachtra	Fógra Muirí Eisithe
Inver Bay	1 Meán Fómhair, 2003	Bád oscailte 12tgh.	Béal Faoi	2 Thimpiste Mharfacha	Ní fios	Uimh. 7 de 2002
Inishfree	18 Samhain, 2003	Árthach Lastais	Tine	1 Timpiste Mharfach 2 Ghortú	Tine Fhriochtán Sceallóg	Fógra Muirí Molta
Pere Charles/ Union Neptune	15 Nollaig, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála agus Árthach Lastais	Imbhualadh	Ceann ar Bith	Teip chun Rialacháin Imbhualite a bhreathnú agus teip chun na nósanna imeachta scoite cearta a leanúint	Fógra Muirí Molta Dréacht mar chuid den Tuairisc Dhéanach
Pisces	28 Bealtaine, 2003	Árthach beag-iascaigh	Béal Faoi	5 Thimpiste Mharfacha	Árthach neamh-imseolta agus forualaithe. Easpa trealaimh tarrthála	2 Fógra Muirí Molta
Princess Vanya	12 Nollaig, 2003	Bulciompróir	Suí	Ceann ar Bith	Teip chun nósanna imeachta droichid agus pleanáil slí a leanúint	Fógra Muirí Molta
Rohellan/ Oileán Cléire	16 Iúil, 2003	2 árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Imbhualadh	Ceann ar Bith	Teip chun nósanna imeachta droichid agus pleanáil slí a leanúint	Uimh. 24 de 1999 agus Uimh. 9 de 2002
Santa Christina	1 Meán Fómhair 2003	Cúrsóir Pleisiúir	Gás Pléascadh	2 Ghortú	Cócaireán gáis neamhlasta casta air	Uimh. 1 de 2002
Sea Swallow	18 Samhain 2003	Árthach beag iascaigh	Béal Faoi	1 Timpiste Mharfach	Ní fios	Fógra Muirí Molta
Skerchi	4 Iúil, 2003	Báirse	Suí	Ceann ar Bith	Gan leordhóthanacht aire tugtha do na réamhaisnéisí aimsire agus don bhfeistiú cuí	Fógra Muirí Molta
St. Ciaran	1 Meán Fómhair, 2003	Bialann ar Snámh	Imbhualadh le droichead	Ceann ar Bith	Teip Innill	
St. Killian II	10 Nollaig 2003	Bád Farantóireachta	Suí	Ceann ar Bith	Drochphleanáil arna theacht isteach go Cuan Chorcaí di agus é ceomhar	
St. Gervase	16 Iúil, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Curtha go Tóin	4 Thimpiste Mharfacha	Ní fios	Uimh. 2 de 2002

Ainm Árthaigh	Dáta Foilsithe	Saghas Árthaigh	Saghas Eachtra	Gortú Timpiste Mharfach	Cúis gur Tharla Eachtra	Fógra Muiri Eisithe
Tamarisk	4 Iúil, 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Suí	Ceann ar Bith	Easpa aire tugtha do shuíomh an árthaigh an fhaid is a bhíothas ag tarraingt potaí	Uasdátú ar Uimh. 11 de 1986 agus atheisiúint molta
Veraspear/ Haslam	12 Nollaig, 2003	Tuga agus Báirse	Scoilt sa líne tharraingthe	1 Timpiste Mharfach	Gan leordhóthanacht líne tharraingthe agus socrúithe fabhtacha sa líne tharraingthe	Atheisiúint Uimh. 31 1991 molta
Western Viking	18 Samhain 2003	Árthach Muir-lascaireachta Tráchtála	Suí	Ceann ar Bith	Teip chun faire shlán loingseoireachta a choimeád	Uimh. 2 de 2002 agus Uimh 10 de 2002

